C/2025/6719

17.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12253 — ELP / PCIV / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6719)

1. An 8 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Petronas Carigali International Ventures Sdn. Bhd. ('PCIV'), an Mhalaeisia, atá faoi rialú Petroliam Nasional Berhad (PETRONAS) ('PETRONAS'), an Mhalaeisia;

— Eni Lasmo Plc ('ELP'), an Ríocht Aontaithe, atá faoi rialú Eni S.p.A. ('Eni'), an Iodáil;

— Cuideachta nuachruthaithe ('an sprioc-chomhfhiontar', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh PCIV agus ELP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an sprioc-chomhfhiontar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá PCIV gníomhach in earnáil na hola agus an gháis, agus soláthraíonn sé seirbhísí sealbhaíochta infheistíochta agus bainistíochta d'eintitis éagsúla laistigh de ghrúpa PETRONAS,

— Tá ELP gníomhach in earnáil na hola agus an gháis, agus soláthraíonn sé seirbhísí sealbhaíochta infheistíochta agus bainistíochta dá fhochuideachtaí laistigh de ghrúpa Eni.

3. Beidh an sprioc-chomhfhiontar gníomhach i dtaiscéalaíocht amhola agus gáis nádúrtha, i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar mórdhíola réamhtheachtach amhola agus i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar mórdhíola réamhtheachtach gáis nádúrtha i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12253 — ELP / PCIV / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË